Cuid 5 de Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Fhine Gall 2018 - 2021 - Plean Forfheidhmithe

| Cuid ábhartha na Scéime | Bliain 1 – roimh 28 Bealtaine 2019 | Bliain 2 – roimh 28 Bealtaine 2020 | Bliain 3 - roimh 28 Bealtaine 2021 |
|---|---|---|---|
| **Caibidil 4:**<br>Monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge ar bhonn leanúnach chun go sásófar an t-éileamh seo ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus praiticiúil. | An Bunachar Sonraí Gearán a choinneáil suas chun dáta.<br>Meabhraigh do na Baill Foirne ar fad gach trí mhí maidir leis an riachtanas chun monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh ar Sheirbhísí Gaeilge agus freagairt a dhéanamh orthu i nGaeilge. | An Bunachar Sonraí Gearán a choinneáil suas chun dáta.<br>Monatóireacht leanúnach chun a chinntiú go ndéantar éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a fhreagairt i nGaeilge. | An Bunachar Sonraí Gearán a choinneáil suas chun dáta. Monatóireacht leanúnach chun a chinntiú go ndéantar éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a fhreagairt i nGaeilge. |
| **Cuid 4.1 - Doiciméid Scríofa**<br>**A.**<br>Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall de gach foirm iarratais agus bileoga eolais lena mbaineann a chur ar fáil go dátheangach, nó leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith a chur ar fáil.<br>Sá chás go gcuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais lena mbaineann ar fáil mar leaganacha ar leith i nGaeilge agus i mBéarla, beidh an dá leagan chomh feiceálach céanna i ngach áit phoiblí.<br>Más doiciméad de chineál teicniúil nó eolaíochta é, nó más doiciméad sainábhair é nó má tá an doiciméad dírithe ar lucht léitheoireachta idirnáisiúnta, leanfar de na doiciméid sin a fhoilsiú i mBéarla. | Deimhnigh le gach Rannóg go bhfuil foirmeacha iarratais agus bileoga eolais lena mbaineann ar fáil i bhformáid dhátheangach nó mar leaganacha ar leith i nGaeilge agus i mBéarla mar chuid den suíomh gréasáin nua a thógáil. | Leanúint ar aghaidh de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus a chinntiú go gcuirtear aon fhoirm nó bileog eolais ar fáil. | Leanúint ar aghaidh de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus a chinntiú go gcuirtear aon fhoirm nó bileog eolais ar fáil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid 4.1 – Cumarsáid Sheachtrach**<br>Eiseofar gach preaseisiúint a bhaineann le ceisteanna Gaeilge i nGaeilge nó go dátheangach ag an am céanna. Eiseofar roinnt preaseisiúintí go dátheangach chomh maith.<br>Aithneofar baill foirne údarásacha i ngach Seirbhís, má tá siad ar fáil, chun tabhairt faoi agallaimh leis na Meáin Ghaeilge, ach go háirithe Raidió na Life, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4.<br>Cuirfear na baill foirne sin ar fáil lena gcur faoi agallaimh ag na Meáin Ghaeilge trí Oifig Chumarsáide na Comhairle.<br>Bainfidh Comhairle Contae Fhine Gall úsáid as Gaeilge i bpostáil amháin ar a laghad ar ár n-ardáin Meán Sóisialta. | A chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun cloí leis an mbeart sin agus monatóireacht a dhéanamh air.<br><br>Suirbhé a dhéanamh ar bhaill foirne i ngach rannóg/seirbhís chun infhaighteacht le dul faoi agallamh i nGaeilge a aithint. Déanfar an liosta a thabhairt suas chun dáta gach bliain. | A chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun cloí leis an mbeart sin agus monatóireacht a dhéanamh air.<br>Gach Preaseisiúint a chur ar fáil i nGaeilge ar Shuíomh Gréasáin Fhine Gall<br><br>An suirbhé a dhéanamh arís chun infhaighteacht ball foirne údarásach a rachaidh faoi agallamh i nGaeilge a aithint. Déanfar an liosta a thabhairt suas chun dáta gach bliain. | A chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun cloí leis an mbeart sin agus monatóireacht a dhéanamh air.<br>Gach Preaseisiúint a chur ar fáil i nGaeilge ar Shuíomh Gréasáin Fhine Gall<br><br>An suirbhé a dhéanamh arís chun infhaighteacht ball foirne údarásach a rachaidh faoi agallamh i nGaeilge a aithint. Déanfar an liosta a thabhairt suas chun dáta gach bliain. |
| **Cuid 4.2 - Seirbhísí Aghaidh ar Aghaidh A.**<br>Cuirfear oiliúint leanúnach ar fáil do bhaill foirne a bhfuil spéis acu seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge; faoi dheireadh na scéime, táthar ag súil leis go mbeidh ball foirne i ngach rannóg a bheidh ábalta plé a dhéanamh le duine den phobal as Gaeilge. | Leanúint de bheith i dteagmháil leis an Oifigeach Oiliúna chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne ar spéis leo seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. | Leanúint de bheith i dteagmháil leis an Oifigeach Oiliúna chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne ar spéis leo seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. | Leanúint de bheith i dteagmháil leis an Oifigeach Oiliúna chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne ar spéis leo seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. |
| **Cuid 4.3 – Fáilteoir/Lasc-chlár & Fógraí ó Bhéal**<br>**A.**<br>Leanfaidh fáilteoirí/baill foirne lasc-chláir in oifigí na Comhairle d'ainm Chomhairle Contae Fhine Gall agus/nó na Rannóige a rá as Gaeilge, agus leanfar d'oiliúint a chur ar fáil dóibh maidir le | Cuirfear oiliúint ar fáil maidir le daoine a bheannú.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go | Cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil maidir le daoine a bheannú.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne nua. | Cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil maidir le daoine a bheannú.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne nua. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| daoine a bheannú i nGaeilge. Leanfar de shocruithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh siad ábalta daoine den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le baill foirne atá freagrach as an tseirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.<br>Is féidir le ball foirne a dteachtaireachtaí glórphoist a shocrú sa teanga is fearr leo nó go dátheangach. | gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne nua. | | |
| **Cuid 4.4 Suíomh Gréasáin**<br>Tá suíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall, www.fingal.ie, barrfheabhsaithe lena úsáid ar ghléasanna móibíleacha agus tá sé ar fáil go dátheangach ó thaobh inneachair agus nascleanúna de. Níl roinnt inneachair de chineál teicniúil nó roinnt inneachair sainábhair ar fáil ach i mBéarla amháin. Faoi láthair, tá suíomh gréasáin nua á fhorbairt againn agus táthar ag súil leis go mbeifear críochnaithe go déanach in 2018. | A chinntiú go n-aistrítear gach ábhar agus go bhfuil siad réidh le haghaidh uasghrádú an tSuímh Ghréasáin ionas go mbeidh an chuid sin den suíomh gréasáin Fhine Gall a bhaineann leis an gComhairle dátheangach | A chinntiú go bhfuil gach ábhar de chuid na Comhairle ar an Suíomh Gréasáin ar fáil go dátheangach agus go gcuirfear scéalta Nuachta leis an suíomh gréasáin i nGaeilge chomh luath agus is féidir | A chinntiú go bhfuil gach ábhar de chuid na Comhairle ar an Suíomh Gréasáin ar fáil go dátheangach agus go gcuirfear scéalta Nuachta leis an suíomh gréasáin i nGaeilge chomh luath agus is féidir.<br>Leanúint d'fheabhas a chur ar inneachar Gaeilge an tsuímh ghréasáin agus é a uasdátú. |
| **Cuid 4.5 Córais Faisnéise**<br>**A.**<br>Beidh aon chóras ríomhaireachta nua a shuiteálfar go iomlán ábalta déileáil leis an nGaeilge<br>**B.**<br>Tá seoladh ríomhphoist eolas@fingal.ie curtha ar bun chun déileáil le fiosruithe i nGaeilge. Freagrófar ar fhiosruithe chomh pras is a fhreagrófar ar fhiosruithe i mBéarla.<br>C. | Caidreamh a dhéanamh leis an Rannóg TF chun a chinntiú go bhfuil gach córas comhlíontach.<br><br>Déanfar monatóireacht ar an seoladh ríomhphoist eolas@fingal.ie agus freagrófar ar fhiosruithe. | Caidreamh a dhéanamh leis an Rannóg TF chun a chinntiú go bhfuil gach córas comhlíontach.<br><br>Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar sheoladh ríomhphoist eolas@fingal.ie agus a chintiú go bhfreagrófar ar fhiosruithe. | Caidreamh a dhéanamh leis an Rannóg TF chun a chinntiú go bhfuil gach córas comhlíontach.<br><br>Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar sheoladh ríomhphoist eolas@fingal.ie agus a chintiú go bhfreagrófar ar fhiosruithe. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh infhaighteacht na seirbhísí Gaeilge a chur chun cinn trí chuid de leathanach baile an tSuímh Ghréasáin a chur ar fáil a thugann le fios conas is féidir gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Cuirfidh sé sin le hiontaoibh an phobail as infhaighteacht na seirbhísí sin trí mheán na Gaeilge.<br>**D.**<br>Leanfar den Leathanach Gaeilge ar 'Grapevine', Bogearraí Líonraithe Shóisialta Inmheánacha na Comhairle, a fhorbairt mar acmhainn d'fhoireann chun dátheangachas a chur chun cinn, cabhair agus comhairle maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh: litreacha a scríobh, frásaí d'fháilteoirí, ainmneacha post agus seirbhísí sa Chomhairle, sonraí maidir le himeachtaí Gaeilge atá ag teacht agus aon eolas ábhartha eile. | Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh infhaighteacht na seirbhísí Gaeilge a chur chun cinn tríd an suíomh gréasáin agus modhanna eile d'fhonn iontaoibh an phobail a mhéadú as infhaighteacht na seirbhísí sin.<br><br>A chinntiú go bhfuil dóthain eolais ar fáil do bhaill foirne ar an leathanach sin. | Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh infhaighteacht na seirbhísí Gaeilge a chur chun cinn tríd an suíomh gréasáin agus modhanna eile d'fhonn iontaoibh an phobail a mhéadú as infhaighteacht na seirbhísí sin.<br><br>A chinntiú go bhfuil dóthain eolais ar fáil do bhaill foirne ar an leathanach sin. | Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh infhaighteacht na seirbhísí Gaeilge a chur chun cinn tríd an suíomh gréasáin agus modhanna eile d'fhonn iontaoibh an phobail a mhéadú as infhaighteacht na seirbhísí sin.<br><br>A chinntiú go bhfuil dóthain eolais ar fáil do bhaill foirne ar an leathanach sin. |
| **Cuid 4.6 – Seirbhísí idirghníomhacha ar líne**<br>Tabharfar aon tseirbhís nua idirghníomhach ar líne a fhorbraíonn Comhairle Contae Fhine Gall, a ligeann don phobal i gcoitinne leas a bhaint as seirbhísí Comhairle, isteach sa dá theanga ag an am céanna. | A chinntiú go bhfuil gach córas comhlíontach | A chinntiú go bhfuil gach córas comhlíontach | A chinntiú go bhfuil gach córas comhlíontach |
| **Cuid 4.7 Oiliúint agus Forbairt**<br><br>Cuirfear cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge ar fáil do bhaill foirne mar chuid lárnach de phlean oiliúna foriomlán na Comhairle. | Cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil mar chuid de phlean oiliúna na Comhairle. | Cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil mar chuid de phlean oiliúna na Comhairle. | Cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil mar chuid de phlean oiliúna na Comhairle. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuirfear ábhair Ghaeilge ar fáil do bhaill foirne trí Grapevine Fhine Gall chun éascaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a fhorbairt agus a sholáthar (Déantar tagairt dó sin i gCuid 4.5 D freisin).<br><br>Feasacht ar an nGaeilge a chur san áireamh le cúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí araon. | A chinntiú go bhfuil eolas fóinteach agus úsáideach ar fáil ar Grapevine<br><br>A dheimhniú le hOifigeach Oiliúna agus an Rannóg Acmhainní Daonna gur cuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí é Feasacht ar an nGaeilge. | A chinntiú go bhfuil eolas fóinteach agus úsáideach ar fáil ar Grapevine<br><br>A dheimhniú le hOifigeach Oiliúna agus an Rannóg Acmhainní Daonna gur cuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí é Feasacht ar an nGaeilge. | A chinntiú go bhfuil eolas fóinteach agus úsáideach ar fáil ar Grapevine<br><br>A dheimhniú le hOifigeach Oiliúna agus an Rannóg Acmhainní Daonna gur cuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí é Feasacht ar an nGaeilge. |
| **Cuid 4.8 – Bearta Bolscaireachta**<br>Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh:<br>- Páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge agus í a chur chun cinn<br>- Tacaíocht a thabhairt don ghrúpa lóin Gaeilge agus aon imeacht sóisialta Gaeilge.<br>- Rannán Ghaeilge a chur san áireamh leis an nuachtlitir foirne 'The Raven'.<br>- Eolas a chur ar fáil do bhaill foirne tríd an bPobal Gaeilge ar 'Grapevine' agus tríd an bhFeasachán Laethúil don Fhoireann 'Fingal Today'<br>- Úsáid na Gaeilge ar ár nArdán Meán Sóisialta a mhéadú | Eagróimid agus éascóimid gníomhaíochtaí le haghaidh Sheachtain na Gaeilge agus í a chur chun cinn trínár suíomh gréasáin agus trí na meáin shóisialta.<br><br>Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don grúpa lóin Gaeilge agus aon imeacht sóisialta.<br><br>Leanúint de Rannán na Gaeilge a chur san áireamh le gach eagrán den Raven.<br><br>Cuirfear eolas agus comhairle ar an teanga ar fáil do bhaill foirne tríd an bpobal ar Grapevine Fhine Gall agus le Teachtaireachtaí don Fhoireann. | Eagróimid agus éascóimid gníomhaíochtaí le haghaidh Sheachtain na Gaeilge agus í a chur chun cinn trínár suíomh gréasáin agus trí na meáin shóisialta.<br><br>Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don grúpa lóin Gaeilge agus aon imeacht sóisialta.<br><br>Leanúint de Rannán na Gaeilge a chur san áireamh le gach eagrán den Raven.<br><br>Cuirfear eolas agus comhairle ar an teanga ar fáil do bhaill foirne tríd an bpobal ar Grapevine Fhine Gall agus le Teachtaireachtaí don Fhoireann. | Eagróimid agus éascóimid gníomhaíochtaí le haghaidh Sheachtain na Gaeilge agus í a chur chun cinn trínár suíomh gréasáin agus trí na meáin shóisialta.<br><br>Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don grúpa lóin Gaeilge agus aon imeacht sóisialta.<br><br>Leanúint de Rannán na Gaeilge a chur san áireamh le gach eagrán den Raven.<br><br>Cuirfear eolas agus comhairle ar an teanga ar fáil do bhaill foirne tríd an bpobal ar Grapevine Fhine Gall agus le Teachtaireachtaí don Fhoireann. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Déanfaimid postáil amháin i nGaeilge, ar a laghad, gach seachtain ar na Meáin Shóisialta | Déanfaimid postáil amháin i nGaeilge, ar a laghad, gach seachtain ar na Meáin Shóisialta | Déanfaimid postáil amháin i nGaeilge, ar a laghad, gach seachtain ar na Meáin Shóisialta |
| **Cuid 4.9 Earcaíocht agus Socrúchán**<br>Cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall beartais earcaíochta, gluaiseachta foirne agus soláthair acmhainní i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil go leor baill foirne le Gaeilge ar fáil chun seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge.<br>Socraítear na cáilíochtaí atá ag teastáil i leith post ag an leibhéal náisiúnta ag an rialtas láir, ach leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall d'athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil poist ann a bhféadfadh cumas sa Ghaeilge (cumas scríofa agus ó bhéal) a bheith ag teastáil ina leith. | Cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall beartais earcaíochta, gluaiseachta foirne agus soláthair acmhainní i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil go leor baill foirne le Gaeilge ar fáil chun seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge.<br><br>Fáil amach an bhfuil baill foirne ann ar féidir leo seirbhísí a chur ar fáil sa Ghaeilge. | Cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall beartais earcaíochta, gluaiseachta foirne agus soláthair acmhainní i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil go leor baill foirne le Gaeilge ar fáil chun seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge.<br><br>Fáil amach an bhfuil baill foirne ann ar féidir leo seirbhísí a chur ar fáil sa Ghaeilge. | Cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall beartais earcaíochta, gluaiseachta foirne agus soláthair acmhainní i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil go leor baill foirne le Gaeilge ar fáil chun seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge.<br><br>Fáil amach an bhfuil baill foirne ann ar féidir leo seirbhísí a chur ar fáil sa Ghaeilge. |
| **Cuid 4.10 – Beartas um Chruinnithe Poiblí**<br><br>Tugann an Chomhairle faoina cruinnithe poiblí go léir trí mheán an Bhéarla.<br><br>Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil do chomhaltaí tofa ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.<br>Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall de bheith ag obair leis an gCoiste Gaeilge tríd an gCoiste Beartais Straitéisigh um na hEalaíona, Cultúr, Oidhreacht agus Pobal chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Chomhairle agus i bhFine Gall. | Comhairle a thabhairt do Chomhaltaí Tofa ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.<br><br>Leanúint de bheith ag obair leis an gCoiste Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Chomhairle agus i bhFine Gall. | Comhairle a thabhairt do Chomhaltaí Tofa ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.<br><br>Leanúint de bheith ag obair leis an gCoiste Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Chomhairle agus i bhFine Gall. | Comhairle a thabhairt do Chomhaltaí Tofa ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.<br><br>Leanúint de bheith ag obair leis an gCoiste Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Chomhairle agus i bhFine Gall. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid 5 - An Scéim a Chur i bhFeidhm, Monatóireacht a Dhéanamh Uirthi agus Bolscaireacht a Dhéanamh Uirthi**<br><br>Tuairiscí Ráithiúla chuig an bPríomhfheidhmeannach ar Dhul Chun Cinn | <br><br><br>Cuireadh an tuarascáil san áireamh le tuarascáil Chumarsáide chuig an bPríomhfheidhmeannach | <br><br><br>Tuairiscí ráithiúla le hullmhú ag an bPríomhfheidhmeannach. | <br><br><br>Tuairiscí ráithiúla le hullmhú ag an bPríomhfheidhmeannach. |
| Rannán faoin nGaeilge a chur san áireamh le Tuarascáil Bhliantúil CC Fhine Gall | Rannán faoin nGaeilge a chur san áireamh le Tuarascáil Bhliantúil CC Fhine Gall | Rannán faoin nGaeilge a chur san áireamh le Tuarascáil Bhliantúil CC Fhine Gall | Rannán faoin nGaeilge a chur san áireamh le Tuarascáil Bhliantúil CC Fhine Gall |
| Scaipfear an Scéim ar na baill foirne go léir agus cuirfear ar fáil ar Grapevine Fhine Gall í. | Scaipfear an Scéim ar na baill foirne go léir agus tá sé ar fáil ar Grapevine Fhine Gall. | A chinntiú go bpoiblítear an Scéim go rialta ionas go mbeidh aon bhall foirne nua ar an eolas faoi. | A chinntiú go bpoiblítear an Scéim go rialta ionas go mbeidh aon bhall foirne nua ar an eolas faoi. |
| Tapóidh an Chomhairle gach deis chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú | Na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla, Suíomh Gréasáin, na meáin shóisialta agus imeachtaí san áireamh. | Na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla, Suíomh Gréasáin, na meáin shóisialta agus imeachtaí san áireamh. | Na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla, Suíomh Gréasáin, na meáin shóisialta agus imeachtaí san áireamh. |
| Cuirfear an scéim ar fáil don phobail i gcoitinne ar na bealaí seo a leanas:<br>1. Suíomh Gréasáin CC Fhine Gall<br>2. Na Meáin Shóisialta<br>3. Preaseisiúint<br>4. Leabharlanna Fhine Gall | Cuirfear an scéim ar fáil don phobail i gcoitinne ar na bealaí seo a leanas:<br>1. Suíomh Gréasáin CC Fhine Gall<br>2. Na Meáin Shóisialta<br>3. Preaseisiúint<br>4. Leabharlanna Fhine Gall | Leanúint de scéim a chur chun cinn | Leanúint de scéim a chur chun cinn |